snasTV NUACHT TG4

Ionaid Sonraí

Meánleibhéal 1 (B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi agóid (*protest*) i mBaile Átha Cliath in aghaidh ionaid sonraí (*data centres*). Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat. Líonaigí isteach an tábla stór focal freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
ríomhaire an t-idirlíon an comhshaol	*demanding*

1. Cad atá ar siúl san íomhá, dar leat? Cén fáth a bhfuil na daoine ar an tsráid?

   (Is dóigh liom gur … atá ann. / Tá siad míshásta faoi …)



2. An bhfuil ionad sonraí i do cheantar féin?

   (Tá ceann in aice le … / Níl ceann ar bith i mo cheantar.)

3. Cé chomh minic is a úsáideann tú an t-idirlíon? Cad a dhéanann tú air?

   (Bím ar líne gach lá. / Féachaim ar fhíseáin. / Úsáidim é don obair.)

4. Cad a chuireann imní ort faoi thruailliú (*pollution*) i do cheantar féin?

   (Tá imní orm faoi … / Bíonn an iomarca tráchta ann. / Bíonn plaisteach i ngach áit.)

B: FOCLÓIR


1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball beag. Abair amach os ard iad agus déan iarracht iad a fhuaimniú i gceart. Ní gá go mbeadh siad ar eolas agat go fóill.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
ag agóid		acmhainní	
na scórtha		aibhléis/leictreachas	
ag éileamh		in-athnuaite	
mar gheall ar		gníomhaireacht	
breoslaí iontaise		geilleagar	
cur amú		a bhuíochas do	

Féach ar an mír den chéad uair anois agus cuir cluas ort féin do na focail sin.

2. Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí brí na bhfocal le chéile. Breacaigí isteach na leaganacha Béarla sa tábla thuas.

3. Tugaigí faoin gcrosfhocal thíos anois. Is iad na focail sa tábla thuas atá le cur isteach ann (gan spásanna ná fleiscíní idir na focail).



Trasna
1. Gual, ola agus gás, mar shampla. (dhá fhocal)
3. Eagraíocht de chuid an stáit – an EPA mar shampla.
5. Ag iarraidh rud go láidir (*demanding*). (dhá fhocal)
7. Go leor / a lán daoine, mar shampla. (dhá fhocal)
10. De bharr (rud maith) (*thanks to*). (trí fhocal)
11. Faoi; de bharr. (trí fhocal)

Síos
2. Rudaí úsáideacha a thagann ón nádúr go minic.
3. Cúrsaí airgid, gnó agus oibre i dtír.
4. Ag léirsiú ar an tsráid. (dhá fhocal)
6. Fuinneamh na gaoithe nó na gréine, mar shampla.
8. Focal eile ar leictreachas.
9. Rud a úsáid gan chúis mhaith (*waste*). (dhá fhocal)

4. Cé acu de na focail thíos an ceann corr? A, B, C nó D?

A. i gcoinne B. in éadan C. in aghaidh D. i gcomhair

C: TUISCINT

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cé mhéad duine a léirsigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath inniu?

   A. Cúpla céad.
   B. Cúpla míle.
   C. Cúpla billiún.

2. Cén grúpa a d'eagraigh an léirsiú?

3. Ní raibh agóidí ar siúl ach in Éirinn inniu.

   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

4. Cad atá na hagóideoirí a éileamh ar an rialtas?

5. Cén fáth a bhfuil Trish Ní Fhoghlú buartha faoin dá ionad sonraí sa Nás?

   A. Tá siad rómhór agus róghar don bhaile.
   B. Tá siad róchostasach agus rómhór.
   C. Ní chuirfear go leor post ar fáil leo.

6. Luaigh dhá acmhainn a chuireann na hionaid sonraí amú, dar le hAonghus Ó hAlmhain.

7. Cé mhéad leictreachais ar cheart d'ionaid sonraí nua a fháil ó fhoinsí in-athnuaite, dar le Peadar Mac Gaoithín?

   A. 22%
   B. 50%
   C. 80%

8. Dar le Colin Doyle, tá a spriocanna comhshaoil bainte amach ag Éirinn.

   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear


9. De réir thuarascáil an rialtais, cé mhéad airgid a cuireadh leis an ngeilleagar ó 2010 i leith, a bhuíochas d'ionaid sonraí?

D: FEASACHT TEANGA

1: Contaetha na hÉireann (Co. agus an séimhiú)

'An Nás, Co. Chill Dara' *'Inis, Co. an Chláir'* *'Co. Chill Mhantáin'*

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an léarscáil. Tá na ceithre chúige agus roinnt contaetha marcáilte uirthi cheana féin. Scríobhaigí na contaetha atá sa bhosca san áit cheart ar an léarscáil.



Na contaetha:
Co. Dhún na nGall
Co. Lú
Co. Phort Láirge
Co. Thír Eoghain
Co. Liatroma
Co. an Chabháin
Co. Cheatharlach
Co. Uíbh Fhailí
Co. Fhear Manach
Co. Thiobraid Árann
Co. Ros Comáin
Co. Laoise
Co. Mhuineacháin
Co. an Dúin
Co. Loch Garman
Co. na hIarmhí
Co. Luimnigh
Co. Ard Mhacha
Co. Mhaigh Eo
Co. Chill Chainnigh
Co. an Longfoirt

b) Cén fáth a dtagann athrú ar ainmneacha na gcontaetha tar éis an fhocail 'contae'? Pléigí na hathruithe a thagann ar na contaetha ar fad. An bhfeiceann sibh patrún?

c) Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

i. Cén contae inar rugadh thú?
ii. Cén contae is fearr leat? Cén fáth?
iii. Cén contae nach raibh tú riamh ann?
iv. Cén contae is mó in Éirinn, meas tú? Agus cén ceann is lú?
v. Cén contae is mó daonra, meas tú?

E: CUMARSÁID

1: Caint – Contae nua!

Bígí ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Roghnaígí contae nach bhfuil mórán eolais agaibh faoi. Déanaigí taighde air le chéile agus déanaigí póstaer faoi. Cuirfidh sibh an contae sin i láthair an ranga ansin.

Ar an bpóstaer:

- ainm an chontae (le *Co.*!) agus an cúige ina bhfuil sé
- an daonra
- an bhfuil sé cois farraige nó nach bhfuil?
- an baile nó an chathair is mó ann
- dathanna an chontae
- fíric spraíúil nó dhó!



2: Scríobh

Samhlaigh go bhfuil tú ar saoire sa chontae a roghnaigh sibh thuas. Scríobh cárta poist (thart ar 8 líne) chuig cara leat. Inis dó nó di:

- cá bhfuil tú agus cé atá in éineacht leat
- an aimsir
- cad a rinne tú inné
- rud amháin spéisiúil a chonaic tú nó a d'fhoghlaim tú faoin gcontae
- cad a dhéanfaidh tú amárach

	STAMPA
	SEOL CHUIG:

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN TRAS-SCRÍBHINN

Siún Nic Gearailt
Anseo ag baile, léirsigh cúpla míle duine i lár chathair Bhaile Átha Cliath inniu, iad ag agóidíocht[1] i gcoinne ionaid sonraí. An grúpa comhshaoil 'Cairde na Cruinne' a d'eagraigh an léirsiú. Tá siad ag iarraidh go gcuirfí *moratorium* i bhfeidhm ar aon ionad sonraí nua.

Peadar Mac Gaoithín
Eagraíodh na scórtha agóidí ar fud na hEorpa inniu in éadan ionaid sonraí. Anseo sa bhaile, tháinig grúpaí ó ar fud na tíre amach ar shráideanna na hardchathrach, ag éileamh ar an rialtas moratóir a chur ar thógáil ionaid sonraí úra ar fud na tíre.

Trish Ní Fhoghlú, An Nás, Co. Chill Dara
Tá muid an-bhuartha i Nás na Rí mar gheall ar dhá ionad sonraí faoi leith. Tá siad rómhór; tá siad róghar don bhaile. An ceann *Herbata*, beidh sé thuirbín gáis i gceist. Sin iomarca breoslaí iontaise.

Aonghus Ó hAlmhain, Co. Chill Mhantáin
Is cur amú acmhainní é, dar liom: aibhléis, uisce, talamh. Agus, dáiríre, níl aon ghá leo. Tá muintir na Stát Aontaithe tar éis vótáil trasna na stát chun fáil réidh leo.

Peadar Mac Gaoithín
Chualathas go bhfuil ionaid sonraí i measc na gcúiseanna go bhfuil praghsanna arda leictreachais anseo agus nach leor na coinníollacha a éilíonn ar ionaid úra 80% dá leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite.

Máire Ní Mháirtín, Baile Átha Cliath
Tá muid ag iarraidh deireadh le hionaid sonraí nua. Tá rómhéid acu … níl mórán muinín agam sa rialtas. Tá muid ag íoc i gcomhair na n-ionad sonraí timpeall na tíre.

Colin Doyle, Inis, Co. an Chláir
Tá sé ráite ag an ngníomhaireacht, an EPA[2], nach mbainfimid ár spriocanna amach agus cuirfidh an t-ionad sonraí seo in Inis agus in áiteanna eile, cuirfidh siad níos mó gáis anois amach san atmaisféar.

Peadar Mac Gaoithín
Ag tús an tsamhraidh, d'fhoilsigh an rialtas tuarascáil inar maíodh gur cuireadh 22 billiún euro leis an gheilleagar[3] ó 2010 i leith, a bhuíochas d'ionaid sonraí.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

[1] agóidíocht = agóid
[2] EPA (*Environmental Protection Agency*) = an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
[3] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Lig do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna. Ná tabhair an iomarca eolais dóibh faoin agóid go fóill; is leor go dtuigfidh siad gur agóid faoin gcomhshaol atá ann.


Ceist 2: Mura bhfuil a fhios acu cad is ionad sonraí ann, mínigh dóibh gur foirgneamh mór é ina bhfuil na mílte ríomhairí (freastalaithe) a stórálann sonraí an idirlín: grianghraif, ríomhphoist, físeáin agus mar sin de. Is féidir an nasc le ceist 3 a phlé ansin: bíonn ionad sonraí ag obair dúinn gach uair a fhéachaimid ar fhíseán ar líne!

B: FOCLÓIR

1. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le haon deacracht foghraíochta a bheadh acu. Ná tabhair na leaganacha Béarla do na foghlaimeoirí go fóill. Abair leo go gcuideoidh comhthéacs na míre leo na focail a thuiscint.
2. Tabhair deis do gach beirt na focail a phlé le chéile tar éis na chéad féachana agus brí na bhfocal a dhéanamh amach le chéile. Tar éis cúpla nóiméad, cinntigh go bhfuil brí na bhfocal acu agus go bhfuil an leagan Béarla scríofa sna colúin chuí. Féach:

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
ag agóid	*protesting*	acmhainní	*resources*
na scórtha	*scores (of), dozens*	aibhléis / leictreachas	*electricity*
ag éileamh	*demanding, calling for*	in-athnuaite	*renewable*
mar gheall ar	*because of, about*	gníomhaireacht	*agency*
breoslaí iontaise	*fossil fuels*	geilleagar	*economy*
cur amú	*waste*	a bhuíochas do	*thanks to*

3. Abair leo an crosfhocal a dhéanamh ina mbeirteanna. Mínigh dóibh gurb iad na focail atá díreach pléite acu na focail atá á gcuardach acu.



4. D. *i gcomhair* = *for* nó *in preparation for*: i gcomhair an dinnéir, i gcomhair na hoíche. Ciallaíonn na cinn eile *against*.

C: TUISCINT


Freagraí:

1. Cé mhéad duine a léirsigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath inniu?
B. Cúpla míle.
2. Cén grúpa a d'eagraigh an léirsiú?
An grúpa comhshaoil 'Cairde na Cruinne'.
3. Ní raibh agóidí ar siúl ach in Éirinn inniu.
B. Bréagach. (Eagraíodh na scórtha agóidí ar fud na hEorpa.)
4. Cad atá na hagóideoirí a éileamh ar an rialtas?
Moratóir a chur ar thógáil ionaid sonraí nua (gan aon ionad sonraí nua a cheadú).
5. Cén fáth a bhfuil Trish Ní Fhoghlú buartha faoin dá ionad sonraí sa Nás?
A. Tá siad rómhór agus róghar don bhaile. (Beidh sé thuirbín gáis i gceist le ceann acu freisin.)
6. Luaigh dhá acmhainn a chuireann na hionaid sonraí amú, dar le hAonghus Ó hAlmhain.
Aibhléis (leictreachas) nó uisce nó talamh.
7. Cé mhéad leictreachais ar cheart d'ionaid sonraí nua a fháil ó fhoinsí in-athnuaite, dar le Peadar Mac Gaoithín?
C. 80%
8. Dar le Colin Doyle, tá a spriocanna comhshaoil bainte amach ag Éirinn.
B. Bréagach. (Dúirt an EPA nach mbainfimid ár spriocanna amach.)
9. De réir thuarascáil an rialtais, cé mhéad airgid a cuireadh leis an ngeilleagar ó 2010 i leith, a bhuíochas d'ionaid sonraí?
22 billiún euro.

D: FEASACHT TEANGA

1: Contaetha na hÉireann (Co. agus an séimhiú)

a) Freagraí: tá na contaetha ón mbosca i ndearg ar an léarscáil.



Na contaetha uile de réir cúige (tá na contaetha ón mbosca i gcló trom):

Cúige Uladh	Cúige Chonnacht	Cúige Laighean	Cúige Mumhan
Co. Aontroma **Co. Ard Mhacha** **Co. an Dúin** **Co. Fhear Manach** Co. Dhoire **Co. Thír Eoghain** **Co. Dhún na nGall** **Co. an Chabháin** **Co. Mhuineacháin**	Co. na Gaillimhe **Co. Liatroma** **Co. Mhaigh Eo** **Co. Ros Comáin** Co. Shligigh	Co. Bhaile Átha Cliath **Co. Cheatharlach** **Co. Chill Chainnigh** Co. Chill Dara Co. Chill Mhantáin **Co. Laoise** **Co. an Longfoirt** **Co. Lú** Co. na Mí **Co. Uíbh Fhailí** **Co. na hIarmhí** **Co. Loch Garman**	Co. an Chláir Co. Chorcaí Co. Chiarraí **Co. Luimnigh** **Co. Thiobraid Árann** **Co. Phort Láirge**

b) Co. = Contae. Tagann athrú ar ainm an chontae mar go bhfuil sé sa tuiseal ginideach i ndiaidh an ainmfhocail *contae* (*Co. Chill Dara* = *the county of Kildare*). Seo na patrúin:

Séimhiú amháin: Co. Dhún na nGall, Co. Dhoire, Co. Thír Eoghain, Co. Fhear Manach, Co. Mhaigh Eo, Co. Bhaile Átha Cliath, Co. Chill Dara, Co. Chill Mhantáin, Co. Chill Chainnigh, Co. Cheatharlach, Co. Phort Láirge, Co. Thiobraid Árann, Co. Chiarraí.

Gan athrú ar bith: Co. Lú, Co. Loch Garman, Co. Ros Comáin, Co. Uíbh Fhailí, Co. Ard Mhacha. Ní chuirtear séimhiú ar *l*, *n*, *r* ná ar ghuta.

Séimhiú agus foirm nua: Co. Chorcaí (Corcaigh), Co. Shligigh (Sligeach), Co. Mhuineacháin (Muineachán).

Foirm nua, gan séimhiú: Co. Liatroma (Liatroim), Co. Aontroma (Aontroim), Co. Laoise (Laois), Co. Luimnigh (Luimneach).
Contaetha leis an alt: athraíonn an t-alt agus an t-ainm: Co. an Chláir (An Clár), Co. an Chabháin (An Cabhán), Co. an Dúin (An Dún), Co. an Longfoirt (An Longfort), Co. na Mí (An Mhí), Co. na hIarmhí (An Iarmhí), Co. na Gaillimhe (Gaillimh).

c) Is é Corcaigh an contae is mó in Éirinn agus is é Lú an contae is lú. Is i gCo. Bhaile Átha Cliath atá an daonra is mó.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair 20 – 30 nóiméad do na grúpaí an taighde agus an póstaer a dhéanamh. Is féidir leo an t-idirlíon a úsáid ar a bhfóin. Cuir béim ar an obair foirne seachas ar an scríbhneoireacht; is leor cúpla focal agus pictiúir ar an bpóstaer. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo agus bí cinnte go n-úsáideann siad *Co.* agus an séimhiú i gceart (*i gCo. Mhaigh Eo*). Nuair a bheidh siad réidh, iarr ar gach grúpa a bpóstaer a chur i láthair an ranga (2 – 3 nóiméad an grúpa). Is féidir leis an rang ceist amháin a chur ar gach grúpa ina dhiaidh.

Mar shampla:

Tá Co. Dhún na nGall i gCúige Uladh. Tá daonra de thart ar 167,000 duine ann. Tá cósta fada álainn ag Co. Dhún na nGall. Is é Leitir Ceanainn an baile is mó sa chontae. Is i gCo. Dhún na nGall atá Cionn Mhálanna, an pointe is faide ó thuaidh in Éirinn.

2: Scríobh

Abair leo an cárta poist a scríobh. Freagra samplach:

A Shiobhán, a chara,
Beannachtaí ó Phort Láirge! Tá mé anseo le mo theaghlach ar feadh seachtaine. Tá an aimsir go hálainn ach tá sé beagáinín fuar. Inné, thug muid cuairt ar chathair Phort Láirge. An raibh a fhios agat gurb í an chathair is sine in Éirinn í? Bhunaigh na Lochlannaigh í breis agus míle bliain ó shin! Amárach, rachaimid go dtí an Rinn. Is Gaeltacht bheag cois farraige í agus beidh mé ag labhairt Gaeilge sa siopa!
Feicfidh mé go luath thú,
Ciarán

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.